Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÄNNYSTRIE O
Lear

Rathgael House
43 Balloo Road
Bangor BT19 7PR
Tel No (028) 9127 9967
E-mail: roisin.lilley@deni.gov.uk

7 January 2010

Chuig: Príomhoidí agus Cathaoirligh Bhord
Gobharnóirí gach scoil dheontaschúnta

COMHAIRLIÚCHÁN LE SCOILEANNA AR NA HATHRUITHE A D'FHÉADFADH A BHEITH ANN I MBAINISÍOCHT ÁITIÚIL FHOIRMLE CHOITIANTA MHAOINITHE NA SCOILEANNA

Is é cuspóir na litreach seo ná tuairimí do scoile a fháil ar na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith i mBainistíocht Áitiúil Fhoirmle Choitianta Mhaoinithe na Scoileanna (LMS).

De réir na reachtaíochta a rialaíonn socruithe maoinithe do scoileanna ní mór don Roinn dul i gcomhairle le scoileanna sula ndéantar athruithe ar bith ar oibriú na foirmle reatha mhaoinithe. Ba mhaith linn mar sin bhur dtuairimí a chluinstin ar na hathruithe atá molta ar an Fhoirmle Choitianta Mhaoinithe (CFF) LMS atá ann faoi láthair agus atá leagtha amach sa litir seo, sula nglactar le cinneadh ar bith cé acu ba chóir iad a chur i bhfeidhm sa bhliain airgeadais 2010/11.

Féach iniata an Doiciméad Comhairliúcháin a léiríonn na moltaí le haghaidh athruithe fachtóra arb iad:

a) gur chóir ualú AWPU le haghaidh daltaí bunscoile a mhéadú ón ualú reatha de 1.05 go 1.06; agus

b) gur chóir maoiniú deontais i gcabhair le haghaidh daltaí ullmhúcháin a bhaint ar shiúl ón 1 Meán Fómhair 2010, de réir thorthaí Mheasúnacht Tionchar Chomhionannais faoi leith (EQIA).

Bhí na moltaí seo faoi réir thorthaí scagadh cothromaíochta agus roimhe seo bhí siad faoi réir breithniúchán leis na príomhfhorais pháirtíochta oideachais a raibh ionadaíocht acu ar an Ghrúpa Stiúrtha. Tugadh comhairle don Choiste Oideachais fosta faoi na hathruithe atá molta.

Le cuidiú le scoileanna rochtain a fháil ar na moltaí, tá léiriú sa doiciméad iniata comhairliúcháin ar shocruithe reatha maoinithe agus léiriú chomh maith ar an tionchar maoinithe a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mar gheall ar na hathruithe molta dá gcuirfí i bhfeidhm iad sa bhliain reatha airgeadais.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil na háirimh sa doiciméadúchán comhairliúcháin bunaithe ar líon daltaí agus ar shonraí eile scoile a mbaintear úsáid astu le haghaidh cuspóirí CFF i 2009/10. Beidh tionchar na n-athruithe molta le haghaidh maoinithe i 2010/11 ag brath ar:

- an leibhéal foriomlán maoinithe atá ar fáil le leithdháileadh ar gach scoil i 2010/11; agus
- próifíl na ndaltaí agus na scoileanna atá á maoiniú i 2010/11.

Beidh athruithe ar bith sna socruithe reatha maoinithe faoi réir cheadú an Aire agus ní dhéanfar iad go dtí go ndéantar breithniúchán cúramach ar na freagraí ar an chomhairliúchán agus aird aige ar an tionchar a bheadh ar scaireanna buiséid i ngach scoil dá dtabharfaí isteach athruithe den chineál sin. Chuirfí athruithe ceadaithe ar bith i bhfeidhm le haghaidh leithdháiltí maoinithe ón bhliain airgeadais 2010/11.

<u>Socruithe Comhairliúcháin</u>

Tá Foirm Freagartha curtha ar fáil le go mbeidh do scoil in ann do thuairimí agus do dhearcaí ar na hathruithe atá molta don CFF a nochtadh. Is féidir tuairimí ar

ghnéithe ar bith eile den Scéim Choitianta Mhaoinithe a chur isteach trí rannán 2 den Fhoirm Freagartha a úsáid.

Iarrtar ar do scoil freagra amháin a thabhairt, sínithe thar ceann an Bhoird Ghobharnóirí, agus Foirm Freagartha comhlánaithe a chur ar aghaidh chuig d'Údarás Maoinithe cuí (féach an liostú thíos) **ar nó roimh an spriocdháta Déardaoin 25 Feabhra 2010.**

As siocair go bhfuil gach Údarás Maoinithe ag plé go díreach le scoileanna, ní mór do scoileanna rialaithe agus scoileanna faoi chothabháil a gcuid **freagraí a chur ar ais go díreach** chuig an **Bhord Oideachais agus Leabharlainne cuí.** Má bhíonn ceisteanna ag na scoileanna seo faoi ghné ar bith den cheacht comhairliúcháin seo, ba chóir iad seo a dhíriú ar an Bhord Oideachais agus Leabharlainne cuí.

Ba chóir do Scoileanna Deonacha Gramadaí agus Scoileanna Imeasctha Faoi Chothabháil Stáit a gcuid freagraí a chur ar ais go díreach chuig Brainse Airgeadais na Scoileanna sa Roinn Oideachais. Pléifidh an Roinn go díreach le ceisteanna ar bith ó na scoileanna seo ar ghné ar bith den chomhairliúchán seo.

Ba chóir duit a bheith ar an eolas, faoi Chód reatha Oscailte an Rialtais agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, gur féidir go gcuirfear do fhreagra ar an chomhairliúchán ar fáil, ar iarratas, don phobal.

Ceisteanna Cothromaíochta

Thug an Roinn faoi dhá cheacht scagtha ar Chearta Daonna agus Comhionannais ar na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith ar an CFF a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ón bhliain seo chugainn ar aghaidh.

Measadh nach mbeidh drochthionchar ag an mhéadú atá molta don ualú AWPU le haghaidh daltaí bunscoile ar Ghrúpaí ar bith de Roinn 75 ná níl aon deiseanna ann le comhionannas ná dea-chaidrimh a chur chun cinn tríd an pholasaí a athrú nó trína bheith ag obair le daoine eile sa rialtas nó sa phobal mhór.

Táthar ag tabhairt faoi Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais (EQIA) i láthair na huaire ar mholadh chun maoiniú a bhaint ar shiúl ó rannóga ullmhúcháin.

Má mheasann tú go mbeidh nó go mb'fhéidir go mbeadh drochthionchar ag na hathruithe atá molta ar na socruithe CFF, ba mhór an cuidiú é dá dtiocfadh leat an imní atá ort a léiriú ar an Fhoirm Freagartha agus a lua cad chuige a measann tú a mbeidh drochthionchar ag na moltaí ar chuid de bith de na naoi ngrúpa i Roinn 75 (tá liosta iomlán ar fáil ag http://www.opsi.gov.uk/ACTS/acts1998/).

Ba mhór an cuidiú é dá dtiocfadh leat iad siúd a leagan amach ar an Fhoirm Freagartha, in éineacht le himní ar bith eile atá ort maidir leis na hathruithe molta. Ba chóir duit a thabhairt faoi deara go mbeidh deis agat do thuairim a thabhairt ar an EQIA ullmhúcháin mar chuid de cheacht comhairliúcháin faoi leith.

Ba mhaith leis an Roinn gach scoil a spreagadh an deis a thapú le páirt a ghlacadh sa cheacht comhairliúcháin seo agus bhur gcuid tuairimí a thabhairt dúinn trí úsáid a bhaint as an Fhoirm Freagartha atá curtha ar fáil.

Tabhair faoi deara le do thoil go gcaithfidh an tÚdarás Maoinithe cuí gach freagra a fháil faoin sprioc 25 Feabhra 2010.

Is mise le meas

Roisin Lilley
Ceannaire ar Bhrainse Airgeadais na Scoileanna

TEAGMHÁLACHA AGUS TUAIRISCEÁIN FREAGARTHA

Tá gach Údarás Maoinithe ag dul i gcomhairle go díreach lena scoileanna, agus ba chóir duit a chinntiú go gcuirtear d'Fhoirm Freagartha isteach chuig an teagmhálaí chuí:

CINEÁL SCOILE	**Údarás Maoinithe** (sonraí teagmhála thíos)
Scoileanna **rialaithe -** naoílanna, bunscoileanna, meánscoileanna (lena n-áirítear scoileanna gramadaí rialaithe, scoileanna imeasctha rialaithe agus Gaelscoileanna)	An Bord Oideachais agus Leabharlainne cuí
Scoileanna **faoi chothabháil -** naoílanna, bunscoileanna, meánscoileanna (lena n-áirítear scoileanna eile faoi chothabháil agus Gaelscoileanna)	An Bord Oideachais agus Leabharlainne cuí
Scoileanna Gramadaí Deonacha	Chris McRoberts, Brainse Airgeadais na Scoileanna, DE
Scoileanna Imeasctha Faoi Chothabháil Stáit	Stephen Duffin, Brainse Airgeadais na Scoileanna, DE

Má bhíonn ceisteanna ar bith seo faoi ghné ar bith den chomhairliúchán seo, ba chóir iad seo a dhíriú chuig an Údarás Maoinithe cuí.

Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste Gerard Brennan Oifigeach LMS Teileafón: 028 90564242 GerardB@belb.co.uk	**Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirthuaiscirt** Marbeth Kilpatrick Ceannaire LMS Teileafón: 028 25662370 marbeth.kilpatrick@neelb.org.uk
Bord Oideachais agus Leabharlainne an Deiscirt Sandra Owens Ceannaire LMS Teileafón: 028 37512508 Sandra.owens@selb.org	**Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt** George Blackam Oifigeach Riaracháin LMS Teileafón: 028 90566531 george.blackam@seelb.org.uk
Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair Sean Rodgers Oifigeach Airgeadais LMS Teileafón: 028 82411331 sean_rodgers@welbni.org	**An Roinn Oideachais** Stephen Duffin Brainse Airgeadais na Scoileanna Teileafón: 028 91279627 Stephen.duffin@deni.gov.uk Chris McRoberts Teileafón: 028 91279282 Chris.McRoberts@deni.gov.uk

Is féidir cóipeanna den Scéim Choitianta Mhaoinithe, lena n-áirítear naisc chuig an reachtaíocht chuí agus an doiciméadúchán Comhairliúcháin, a fháil ar Láithreán Gréasáin Na Roinne Oideachais:

www.deni.gov.uk/schools/schools funding/common funding consultations

Mura bhfuil an doiciméadúchán comhairliúcháin i bhformáid a shásaíonn do chuid riachtanas, déan tagairt don teagmhálaí chuí san Údarás Maoinithe (sonraí thuas), nó go díreach chuig:

Ken Reid
Brainse Airgeadais na Scoileanna
An Roinn Oideachais
Teileafón: 028 91279665
Ríomhphost
ken.reid@deni.gov.uk